Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10975/26**

**AGRI 529**
**AGRIFIN 128**
**FIN 940**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9483/26 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Bearta ar leith chun tacú le talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas — Cuidiú leis an talmhaíocht a choinneáil iomaíoch ach tá éiginnteacht faoin bhforbairt fhadtéarmach'<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: '*Bearta ar leith chun tacú le talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas — Cuidiú leis an talmhaíocht a choinneáil iomaíoch ach tá éiginnteacht faoin bhforbairt fhadtéarmach*',

arna formheas ag an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) ag an 4181ú cruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2026.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Conclúidí críochnaitheacha ón gComhairle</u>**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2026 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'Bearta ar leith chun tacú le talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas — Cuidiú leis an talmhaíocht a choinneáil iomaíoch ach tá éiginnteacht faoin bhforbairt fhadtéarmach'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Tugann sí dá haire Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2026 ón gCúirt dar teideal *'Bearta ar leith chun tacú le talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas — Cuidiú leis an talmhaíocht a choinneáil iomaíoch ach tá éiginnteacht faoin bhforbairt fhadtéarmach'*, ina ndéantar measúnú ar cé acu a thugann nó nach dtugann clár an Aontais do na réigiúin is forimeallaí (POSEI) aghaidh go héifeachtach ar na riachtanais agus ar na srianta sonracha atá os comhair na réigiún sin in earnáil na talmhaíochta mar a leagtar amach i gcuspóirí chlár POSEI;

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, ar ghníomhaíochtaí traidisiúnta sna réigiúin sin, rud a nglacann an Coimisiún leis;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún oibriú i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann d'fhonn bealaí a shainaithint chun éagsúlú barr agus beostoic a fheabhsú, rud a nglacann an Coimisiún leis;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCúirt don Choimisiún measúnú níos fearr a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le tacaíocht allmhairiúcháin do tháirgí bunriachtanacha a chur ar aghaidh chuig úsáideoirí deiridh trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, rud a nglacann an Coimisiún leis;

5. AONTAÍONN SÍ le tuairim an Choimisiúin agus na mBallstát gur anailís thráthúil agus luachmhar í an tuarascáil sin;

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dálaí níos dúshlánaí roimh na réigiúin is forimeallaí ná réigiúin eile san Aontas agus gur ionstraim thábhachtach é clár POSEI chun déileáil leis na srianta atá ar na réigiúin sin;

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na hathruithe struchtúracha atá ag tarlú cheana in earnálacha traidisiúnta na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh agus cistiú á cheapadh do na réigiúin sin;

8. MOLANN SÍ an rún atá ag an gCoimisiún béim ar leith a leagan ar thoradh cothrom ioncaim d'fheirmeoirí agus ar dháileadh cothrom tacaíochta.